# Tuairimí

**Cloisfidh tú ceathrar ag tabhairt a dtuairimí faoi chineálacha éagsúla caitheamh aimsire. Féach ar na siombailí ag bun na bileoige agus cuir na siombailí cearta sna háiteanna cearta sa tábla.**

| | **Niamh** | **Liam** | **Aoife** | **Eoin** |
|---|---|---|---|---|
| **snámh** | | | | |
| **teilifís** | | | | |
| **drámaí** | | | | |
| **teach tábhairne** | | | | |
| **ceol** | | | | |

**Na siombailí:**

Is maith liom…✔

Is breá liom…✔✔

Ní maith liom…✘

Is fuath liom…✘ ✘

Níl suim dá laghad agam…----

# Script – 06 - Tuairimí - Éisteacht

**Comhrá 1: Niamh**

Agallóir: Anois, a Niamh. Cén caitheamh aimsire atá agat?

Niamh: Is breá liom dul ag snámh. Is maith liom drámaí agus ceol, popcheol go háirithe. Níl suim dá laghad agam sa teilifís ach is maith liom dul go dtí an teach tábhairne anois is arís.

**Comhrá 2: Liam**

Agallóir: A Liam, an maith leat ceol?

Liam: Is maith, go háirithe ceol traidisiúnta.

Agallóir: An bhfuil suim agat i ndrámaí?

Liam: Níl suim dá laghad agam i ndrámaí ach is breá liom an teilifís.

Agallóir: Agus cad é faoin teach tábhairne? An maith leat dul go dtí an teach tábhairne?

Liam: Is breá liom dul go dtí an teach tábhairne ag an deireadh seachtaine.

Agallóir: An maith leat bheith ag snámh?

Liam: Ní maith - is fuath liom dul ag snámh

**Comhrá 3: Aoife**

Agallóir: Cad é fútsa a Aoife? An maith leat a bheith ag snámh?

Aoife: Is maith liom dul ag snámh sa samhradh.

Agallóir: An maith leat an teilifís?

Aoife: Is breá liom féachaint ar an teilifís ag an deireadh seachtaine. Níl suim dá laghad agam san amharclann agus i ndrámaí.

Agallóir: Agus an maith leat dul go dtí an teach tábhairne?

Aoife: Is fuath liom dul go dtí an teach tábhairne.

**Comhrá 4: Eoin**

Agallóir: Cén caitheamh aimsire atá agatsa a Eoin?

Eoin: Is maith liom féachaint ar an teilifís i rith na seachtaine. Is breá liom drámaí – téim go dtí an amharclann go minic. Is maith liom dul go dtí an teach tábhairne ag an deireadh seachtaine. Níl suim dá laghad agam sa cheol. Ní maith liom dul ag snámh.